C/2025/836

5.2.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11821 - SEGRO / PSPIB / REAL ESTATE ASSETS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/836)

1. An 28 Eanáir 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— SEGRO plc ('SEGRO', an Ríocht Aontaithe),

— Public Sector Pension Investment Board ('PSPIB', Ceanada),

— Sé shócmhainn réadmhaoine atá lonnaithe sa Ghearmáin agus san Ísiltír (i dteannta a chéile, 'Na Spriocshócmhainní'), atá faoi rialú Brookfield Corporation (Ceanada) faoi láthair.

Gheobhaidh SEGRO agus PSPIB rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar na Spriocshócmhainní ina n-iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— SEGRO: úinéireacht, bainistiú sócmhainní agus forbairt trádstóras nua-aimseartha agus réadmhaoine tionsclaíche éadroime atá suite timpeall ar chomhchathracha móra agus ag príomh-mhoil iompair ar fud roinnt tíortha LEE,

— PSPIB: bainistíonn sé punann domhanda éagsúlaithe lena n-áirítear stoic, bannaí agus urrúis ioncaim sheasta eile, mar aon le hinfheistíochtaí i gcothromas príobháideach, réadmhaoin, bonneagar, acmhainní nádúrtha agus infheistíochtaí creidmheasa. Is é is bainisteoir infheistíochta pinsin na bpleananna pinsin atá ag Seirbhís Phoiblí Fheidearálach Cheanada, Arm Cheanada, Póilíní Capall Ríoga Cheanada agus an Fórsa Cúltaca,

— Na Spriocshócmhainní: sócmhainní trádstórais lóistíochta a tháirgeann ioncam agus atá lonnaithe in Bonen, Dormagen, Gelsenkirchen agus Lich sa Ghearmáin, agus in Breda agus Roosendaal san Ísiltír. Tá na Spriocshócmhainní ar léas le tríú páirtithe faoi láthair.

3. De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11821 - SEGRO / PSPIB / REAL ESTATE ASSETS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË